# Nuacht Feirste

Sinn Féin

Bealtaine 10ú | Uimhir 16 | Táille 10p




## I gCuimhne na stailceoirí ocrais

**D'AINNEOIN na fearthainne shiúl corradh le 6,000 duine i mBéal Feirste Dé Domhnaigh 4ú Bealtaine leis an chúigiú cuimhneachán den stailc ocrais sa Cheis Fhada a chomóradh.**

Thug Cathaoirleach Shinn Féin Seán Mac Mánuis an óraid. Dúirt sé go mairfeadh cuimhne an deichniúr a fuair bás go deo. Chomh maith dúirt sé:

*"70 bliain ó shin i ndiaidh Éirí Amach na Cásca, cheap na Briotanaigh go maireoidh siad reabhlóid na hÉireann tríd na réabhlóidithe a dhúnmarú agus a chuir i bpriosún. Bhíodar mícheart ansin, díreach mar a bhí de Valera mícheart sna daicheadaí nuair a chroch sé poblachtánaigh Éireannacha agus mar a bhí Thatcher mícheart nuair a dhúnmharaigh sí na stailceoirí ocrais i 1981.*

*"Ní bheidh aon chárta deirigh do poblachtánaigh fad is a dhéanann an Bhreatain iarracht a thoil a cur ar ár dtír, fad is atádar anseo, beidh Óglaigh na hÉireann anseo chomh maith, ag eagrú, ag luíochú, ag lámhach, agus ag streachailt ina choinne."*

# Ard-Fheis Conradh na Gaeilge

*LE CIAN Mac AOIDH*

**IS cosúil go mbeidh Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge i mBéal Feirste nó i nDoire i 1987 mar is iad sin an dá cheantar amháin a bhfuil rúin istigh acu ar chlár Ard-Fheis na bliana seo — a thosaíonn i Luimneach ar 9ú Bealtaine — ag iarraidh Ard-Fheis '87 a reachtáil.**

Pléifear na cuirí d'Ard Fheis '87 Dé Sathairn 10ú Bealtaine agus beidh ionadaithe ó Chraobh Roibeárd Uí Sheachnasaigh, Cill Uaighe, agus ó Chraobh Cholm Cille, Doire, ag labhairt.

Creidtear fosta gurbé rún as Béal Feirste a spreagfas an díospóireacht is bríomhaire ag Ard-Fheis 1986. Is é sin rún ó Chraobh Sheáin Mhic Dhiarmada a mhaíonn nach bhfuil Comhaontú Hillsborough ag déanamh leas na Gaeilge.

Deir an rún:

*"D'fháilteodh Conradh na Gaeilge roimh aon athruithe bunúsacha a thiocfadh de bharr Socrú Hillsborough. Ach creideann an Ard-Fheis seo nach ndéanfaidh an Comhaontú Londain/BAC leas na Gaeilge sna sé chontae mar nach iarracht ionraic í le síocháin nó cearta a bhaint amach do mhuintir na hÉireann ach iarracht le frítaíocht náisiúnach a bhriseadh sna sé chontae. Dearbhaímid go bhfuil polasaí frith-Ghaelach á fheidhmiú ag Rialtas na Breataine sna sé chontae agus gurb éadóiche go mbeadh an comhrialtas seo, a d'fheall ar lucht na Gaeilge ó tháinig sé i gcumhacht, sásta ceart a sheasamh do lucht na Gaeilge sna sé chontae. Molaimid do na hEagrais Ghaeilge ó thuaidh úsáid a bhaint as gach slí inar féidir géilleadh a bhaint amach don Ghaeilge."*

I measc nithe eile ar an chlár don Ard-Fheis tá:

**Óráid an Uachtaráin**

Déanfaidh an tUachtarán, Ite Ní Chionnaithe, léirmheas ar staid na Gaeilge agus cuirfidh sí moltaí cinnte chun tosaigh d'fhonn an staid sin a fheabhsú go mór. Ní bheidh aon duine ag seasamh in aghaidh Ite don uachtarántacht i mbliana.

**Fiosrúchán Poiblí**

Scríobh an tUachtarán chuig 'An Taoiseach' ag tús na bliana ag iarraidh air Fiosruchán Poiblí a thionscnamh chun staid na Gaeilge agus na Gaeltachta a scrúdú.

Pléifear rún ó Choiste Gnó an Chonartha ag moladh go rachadh an Conradh féin ar aghaidh le fiosruchán dá leithead a bhunú sa chás go ndiúltaíonn 'An Taoiseach' é sin a dhéanamh.

**Cearta**

Creideann Conradh na Gaeilge go bhfuil gá le Bille Cearta Ghaeilge chun a chintiú nach mbeidh pobal na Gaeilge ina saoránaigh den dara grád, feasta. Tá a lán tacaíochta faighte don éileamh seo ó eagraíochtaí agus ó Chomhairlí Contae éagsúla.

**Na meáin cumarsáide**

Beifear ag plé bealaí agus módhanna nua chun cearta phobal na Gaeilge le haghaidh cláracha teilifíse as Gaeilge a bhaint amach. Beidh tuairisc ar fáil faoi na torthaí a baineadh amach go dtí seo ar an bhfeachtas nua a fógraíodh ag tús na bliana.

**Seimineár**

Beidh seimineár ar siúl faoi "Conradh na Gaeilge agus Éirí-Amach na Cásca, 1916" mar chomóradh ar an Éirí-Amach sin 70 bliain ó shin.

**Teastais**


Bronnfar teastais orthusan a bhí i bpriosún ar son na Gaeilge le linn na bliana.

# Plean Bord na Gaeilge pléite

INA haitheasc mar Chathaoirleach ar Bhord na Gaeilge thug Helen Ó Mhurchú le fios do na teachtaí ag Mórthionól '86 in Óstán Shelbourne, Baile Átha Cliath, go raibh cinnearacht stáit agus toil pholaitiúil an-tábhachtach má bhí le héirí le hathbheochan na Gaelige. Dúirt sí gur *"staid dátheangach"* atá ó Bhord na Gaeilge *"sa ghearrthréimhse".* Eagraitear an Mórthionól d'fhonn tuairisc phoiblí a thabhairt ar Phlean Ghníomhaíochta an Bhoird.

Thosaigh an Mórthionól Oíche Aoine, 2 Bealtaine, agus chríochanaigh sé ar 5 i.n. Dé Sathairn. Bhí seisiún ar an Óige Dé hAoine agus seisiúin ar an Stáit, ar an Ghaeltacht ar Oideachas agus ar an Phobal Dé Sathairn.

Ag caint ar chúrsaí óige dúirt Caomhán Ó Scollaí, Eagarthóir *Fleiscín* (iris Ghaeilge a fhoilsítear i gConamara) go raibh brú-ghrúpa de dhíth sa Ghaeltacht le troid ar son na Gaeilge. Le linn an tseisiúin chéanna dúirt Seán Bán Breathnach go raibh craol



● Máirtín Ó Muilleoir ag labhairt ag an Mórthionól.

tóirí Raidió na Gaeltachta faoi bhrú mór ó na déagóirí sa Ghaeltacht le pop-cheol a sheint. Mhol sé an racghrupa Na Fíréin agus dúirt *"gur mó a bhí déanta acu don Ghaeilge ná tá déanta ag aon rannóg stáit le 50 bliain."* D'iarr S.B.B. ar an Bhord £8,000 a chur ar fáil do na Fíréin le fís-scannán agus ceirnín a dhéanamh a bheadh fóirstineach do MT USA.

Ag labhairt i ndiaidh na n-aoíchainteoirí duirt Oifigeach Chultúir Shinn Féin, Máirtín Ó Muilleoir, go raibh gá práinneach le pop-cheol Gaeilge.

Ar seisean:

*"Ní mheallfaimid an t-aos ó i dtreo na Gaeilge mura n-éiríonn linn an pop-chultúr a Ghaelú. Má tá deontaisi ar fáil don drámaíocht Ghaeilge ba chóir go mbeadh na deontaisi céanna ar fáil don rac-cheol Gaeilge."*

Bhain an seisiún deireannach Dé Sathairn le cúrsaí Pobail agus ba iad na haoí-chainteoirí: Donncha Ó Gallchóir T.D., Bob Collins, stiurthóir RTE, Pádraig Ó Fiannachta, Glór na nGael, agus Dónall Ó Riagáin, Rúnaí ar an Bhiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana.

Labhair Pádraig Ó Maolchraoibhe, comhairleoir tofa de chuid Sinn Féin, ón urlár gur chuir se cás na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile na hEorpa. Dúirt sé gur scannal a bhí ann nach raibh stáisiún teilifíse lán-Ghaelach ag muintir na sé chontae fichead.

Ar seisean:

*"Níl ach 5000,000 cainteoirí Bascaise in Euskadi ach tá cainéal teilifíse Bascaise acu. De réir an daonairimh deireannaigh sna 26 Chontae tá milliún cainteoir Gaeilge sa stát. Cad chuige mar sin nach féidir stáisiún teilifíse lán-Ghaelach a chur ar fáil?"*


Cumann Rodaí Mhic Chorlaí

Oíche Folk
Déardaoin

Oíche Cheoil
(fáilte roimh Ghaeil)
Dé hAoine

Oíche Luain
Dara Rang Gaeilge

Oíche Mháirt
Bunrang

Oíche Chéadaoin
Bunrang agus Ard-Rang


## Rothaíocht Mhór




GEARÓID Ó Caireallláin agus Eoghan Ó Néill, bunaitheoirí an nuachtáin laethúil, *LÁ*, ag toiseacht amach ar Chamchuairt Éireann ó Sholann Bhaile Andarsan an tseachtain seo caite.

Tá an bheirt ag iarraidh urraíocht a fháil ó Ghaelgeoirí agus ó eagraisí Gaelacha le *LÁ* a chur ar a bhonnaí arís.

## SAOIRSE

TÁ an séú eagrán de *Saoirse* iris pholaitiúil na Gaeilge a fhoilsíonn Sinn Féin ar fáil anois.

*70p a luach agus tá altanna ar chomhaontú Hillsborough, ar chomhdháil na Náisiún gan Stáit, ar Alt 31 agus ar litríocht a shíolraigh ar seachtain na Cásca.*




Tá cóipeanna le fáil ón An tEagarthóir, Saoirse, 44 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1 nó 147 Bóthar Bhaile Andersan, Béal Feirste 11.

# Láinseál leabhar

BEIDH oíche ar leith ann d'fhoghlaimneoirí nuair a thiocfas Seamus Mac Daibheid, Cathaoirleach Choiste na Gaeilge ar Chomhairle Iúr Chinn Tra, go dtí Cumann Rodaí Mhic Chorlaí, Beal Feirste, Dé hAoine 16 Bealtaine le *Ceist Agam Ort* a lainseáil. Is leabhar úr é *Ceist Agam Ort* a scríobh Proinnsios Ó Labhradha d'fhoghlaimneoiri Gaeilge agus go háirithe dóibh siúd atá ag brath scrudú an fháinne a dhéanamh.




Beidh an ocáid a heagrú ag foilsitheoirí an leabhair, Glór na Gael. Ar an oíche cheanna chomh maith beidh Casadh na Taoide — fís-scanna nua ó Bhord na Gaeilge ar taispeaint. Maireann an fhísteip 20 noiméad agus is í an aidhm atá aici ná athbheochan na Gaeilge a chur i láthair mhuintir na tíre ar shlí speisiúil tharraingteach.

Bhearfaidh Seamus Mac Daibhéid caint ghairid i mBéarla ar fhoghlaim na Gaeilge agus ar na modhanna foghlama a mholann sé d'fhoghlaimneoirí.

50p an táille atá ar an oíche agus beidh oíche cheoil ann i ndiaidh na cainte.

# An tSalvadóir FMLN/FDR

*LE DONALL Ó DUFAIGH*

**TÁ COGADH chun fáil réidh le deachtóireacht mhíleata ag dul ar aghaidh le níos mó ná cúig bliana (ón 5ú Eanair 1981) ins an tSalvadóir i Meiriceá Láir.**

Ó rinneadh uachtarán de Ronald Reagan 20 Eanáir '81, chan amháin gur ghlac sé leis — cosúil leis na huachtaráin a d'imigh roimhe — go raibh cead ag SAM a rá le tír ar bith i Meiriceá Laidineach nó sa Mhuir Chairib cad é an cineál rialtais a ba chóir a bheith acu ach gur amharc sé air mar dhualgas pearsanta an córas a choinneáil ina an tSalvadóir nach ligeann do mhuintir na Salvadóire, fíordhaonlathas a bheith acu, ná biseach sóisialta do ghnáthmhuintir na tíre.

Tá deachtóireacht mhíleatá ins an tSalvadóir le breis is 50 bliain agus cé gur bhain páirtithe toghcháin san am atá thart agus polasaithe acu athraithe sóisialta a thabhairt i gcrích, bhí an fhíorchumhacht i gcónaí ag an arm agus níor cheadaigh siadsan athraithe suntasacha ar bith.

## COIMÉADACH

Sa lá atá inniu ann, agus Napoleón Duarte ina uachtarán tá an fhíorchumhacht go fóill ag na tiarnaí móra talún, ag meanaicme bheag iontach coimeádach, agus ag an Arm — agus SAM taobh thiar den rud uilig.

Tír bheag An tSalvadóir 21,040 ciliméadar² — an ceathrú cuid d'Éirinn, ach níos mó ná cúig mhilliún duine ann, 44.3% faoi 15 bliana, agus ráta fáis i líon na ndaoine de thrí fan gcéad sa bhliain (Éire an tír is mó fáis i gCEE le 1.2%).

Ó 1981 chuir Reagan na milliúin dollar isteach sa tír — cuidiú eacnamaíochta agus mhíleata — agus tá breis is 300 comhairleoir míleata ag na Stáit Aontaithe ins An tSalvadóir agu cur saineolas an Phentagon ar fáil don dheachtóireacht mhíleata . Faoin chóras seo, go háirithe ó 1974, maraíodh na mílte den ghnáthphobal ag scuadanna de dhúnmharfóirí rialtais — an tArdeaspag Romero ina measc — agus tá na mílte eile nach bhfuil táisc ná tuairisc le fáil orthu. Agus tá arm an rialtais ag síor fás (níos lú ná 14,000 i 1980, níos mó ná 43,000 inniu).

## EADARNÍOCHT

Mar sin féin tá arm eadarnaíoch an FMLN, ina bhfuil grúpaí eadarnaíocha na heite clé uilig faoi aon ardcheannas amháin, ag troid ar ais, agus tá an aontacht chéanna inniu ins an taobh polaitíochta den ghluaiseacht an FDR. Tá beagnach leath na tíre i lámha an FMLN inniu agus áiteacha cóngarach don phríomhchathair, San Salvador, ina measc.



*Campa traenáile ag an FMLN in Salvadóir.*

Tar éis cúig bliana de chogadh tá sé soiléir go mbeadh an bua cheana féin ag an FMLN, murach tacaíocht arm is airgid SAM, chun lucht na heite deise a choinneáil i gcumhacht. Is cuma leis na Stáit Aontaithe éagóra a bheith a d'imirt ar phobal na Salvadóire, fhad's go bhfuil an chumhacht ag dream atá fabhrach do phleananna domhnda SAM.

I 1981 dúirt Rialtas Reagan go gcuirfeadh siad deireadh leis an chogadh eadarnaíoch ins An tSalvadóir taobh istigh de thrí go sé mhí. Níor éirigh leo agus tá gach dóchas ann go mbeidh cruthú ag teacht ó thír bheag eile gur féidir baint in éadan an impiriúlachais.



# Ag foghlaim na Gaeilge

**Ceacht a Trí Déag**

Léigh seo:

Bhí Brian Ó Murchu agus a dheirfiúr Nóra ar laethe saoire sa Ghaeltacht an bhliain seo caite. Ní raibh siad ansin leo féin ar ndóigh mar chuaigh cairde ón scoil in éineacht leo. Ní dheachaigh múinteoir ar bith leo, ach tháinig sagart ina gcuideachta ar an bhus. Níor thainig sé ar ais arís ar an bhus céanna, ach rinne sé socrú dhul ar an bhus eile.

Ní dhearna duine ar bith, aon rud le h-ithe ar an turas, ach thug cuid acu brioscaí agus liomónáid leo i málaí. Níor thug an sagart a dhath ar bith leisean agus fuair sé rud éigin anseo is ansiúd ó na páistí. Ní bhfuair sé rud ar bith ó Nóra. D'ith sí féin gach rud ach níor ith Brian ach beagán.

Ar an aistear, chuala siad a lán scéaltaí agus craic ach níor chuala an sagart iad mar bhí sé ina chodladh. Chonaic gasúr amháin an duine bocht mar seo agus bhí sé fá choinne cleas a imirt air. Ach ní fhaca sé an tiománaí ag stánadh air. Rug Brian greim ar an ghasúr díreach in am. Dúirt sé leis gan a bheith ag amaidí agus mar sin níor rug an gasúr greim ar hata an tsagairt agus ní dhúirt Brian a thuilleadh leis.

**Foclóir**

D'éirigh mé
Shuigh mé
Sheas mé
Shiúil mé
Rith mé
Ghlan mé
D'fhan mé
Nigh mé
Thóg mé
D'fhág mé
D'amharc mé
D'imigh mé
Léigh mé
Bhuail mé
D'oscail mé
Dhruid mé
Chríochnaigh mé
Scríobh mé

**Freagair na ceisteanna:**

Cá raibh Brian agus Nóra ar laethanta saoire anuraidh?
Cad é mar a chuaigh siad ann?
An ndeachaigh siad ar an treain?
Cé bhí ar an bhus leo?
Cad é a d'ith siad ar a mbealach chun na Gaeltachta?
Cad é a rinne siad ar an turas?
Cé stad an gasur ag imirt cleasa?
Cé bhí ina chodladh?
An raibh an tiomanaí ina chodladh fosta?
Cá bhfuair Nóra na brioscaí agus an liomónáid?

# Robin Flower

*LE DEASÚN BREATNACH*

**LUAIGH mé cheana leabhra nár mhiste do dhaoine in Éirinn a léamh chun aithne níb fhearr a chur ar an tír agus go háirithe roinnt mhaith Ultach.**

Cuirfidh mé leis an liosta sinn inniu: *The Irish Tradition* le Robin Flower. Nuair a bhí an céad seo fós óg tháinig Sasanach óg go hEirinn agus ansin go dtí an Blaoscaid Mór, ar chósta Ciarraí, gur fhoghlaim sé Gaeilge, gur thit sé i ngrá leis na daoine agus lena gcultúr, agus gur bhain clú agus cáil amach, ní hamháin dóibh sin ach dó fhéin chomh maith, lena leabhra.

I mBéarla a scríobh sé na leabhra sin agus chuidigh sé go mór le Béarlóirí ní hamháin pobal na tíre seo a thuiscint níb fhearrr ach meas mór a bheith acu ar a dteanga agus ag litríocht na teanga céanna, litríocht a bhí as faisean le fada i measc na n-uasal nuair a tháinig *The Irish Tradition* ar an margadh.

### EACHTRANNACH

Faraíor, is beag eolas atá ag formhór mhuintir na hÉireann inniu ar an leabhar céanna. Fiú na daoine a bhfuil togha na Gaeilge acu táid dall ar litríocht a dtíre fhéin, agus dearmad déanta acu ar an ard-mholadh a thug Kuno Meyer, eachtrannach eile, don Ghaeilge, nuair a thug sé le fios go raibh an teanga forbartha cheana féin sna meán-aoiseanna, nuair nach raibh ach ag tosú teangachaí móra na hEorpa.

Thug na hÉireannaigh taitneamh do Robin Flower agus thug seisean taitneamh dóibh. "Bhlaithin" a thug muintír an oileáin air, focal a chuireann an gean in iúl go gonta díreach. Sasanach maith a bhí ann. Sasanach maith eile a scríobh leabhar álainn faoin bpobal seo againne ab ea David Thomson: *Woodbrook*. Tá faitíos orm gur as cló atá *The Irish Tradition* ach tá saothar Thomson i gcló i gcónaí ag Penguin. Beathfhaisnéis atá i *Woodbrook*. Bhí David an-óg, díreach tar éis an ollscoil a fhágáil, nuair a tháinig sé go hEirinn, le bheith ina mhúinteoir do chlann thiarna talún abhfus.

### DRAÍOCHT

Tá go leor de stair na hÉireann aige sa leabhar seo, stair nach gcloiseann muid fúithi de ghnáth; ach ní shin an t-aon bhua amhain atá aige, nó is amhlaidh a chuireann sé draíocht ar leith ar an léitheoir mar gheall ar leochailleacht an údair agus a scil sa scríbhneoireacht.

Rinne David go leor cairde sa tír seo. Orthu tá an Dr. Tomás de Bhaldraithe, a thug comhairle ar leith dó agus *The Leaping Hare*, an saothar is déanaí uaidh, a chur le chéile.



ROBIN FLOWER


**CUMANN NA MEIRLEACH**

**Bóthar Bhaile Andarsan**

**OÍCHE CHEOIL**

*GACH AOINE*

Fáilte romhaibh uilig


# Crosfhocal 9

*Seoltar freagraí chuig An tEagarthóir, Nuacht Feirste, 147 Bóthar Bhaile Andarsan, Béal Feirste 11.*



Trasna:
1. An saghas oibre a dhéantaí i bpriosúin (9)
8. Focal eile ar díoltas (5)
9. Abhar scríbhneorachta ar chlár dubh (5)
10. Tá péire acu ar tharbh (8)
11. Cineál éisc (5)
12. Go..., chuig (3)
15. Línte (6)
16. Ag dul i loisc (2,4)
17. A mhalairt ó 'gur' (3)
21. Ailleacht (5)
23. Tagann sé ar thosach scéil (7)
24. Fíochmhar ( 5)
25. Fiacla an mhadra (5)
26. Rud éigean a léifeá (9)

Síos:
2. Inis dó, .... leis (5)
3. Scothramhar (8)
4. Maidin, tráthnóna, agus ... (6)
5. Clós na mairbh (5)
6. Duine starrfhiaclach (5)
7. I lár do bheatha (9)
11. Cúisionn an fheithid seo galair (9)
12. Cumtar i vérsaí é (3)
13. Rud a bhí ann (3)
14. Miotal tarraingteach (8)
18. Scriosta (6)
19. Fásann úlla air (5)
20. Focal eile ar Theaghlach (5)
22. Leabhráin, foilseacháin (5)

Buaiteoir Crosfhocal 8:
Micheal Ó hAonghusa,
f/ch Chumann Chluain Ard,
27 Sr. na Sceiche,
Béal Feirste.

**£5 don bhuaiteoir.**

**Freagraí Crosfhocal 8**

**Trasna: i. Scoth; 7. Brasaire; 8. Camán; 9. Mias; 11, Clársach: 12. Scíste; 13. Neifí; 15. Feiceáil; 16. Anró; 17. Scuch; 18. Fáthanna; 19. Stoth.**

**Síos: 2. Craolachán; 3. Tuairiscíocht; 4. Graice; 5. Básmhaireacht; 6. Ceis; 19. Abhraíocht; 14. Céanna; 16. Anfa.**